**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CK

*Cosantóir:* Familienkasse Bayern Nord

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 4 de Rialachán (CE) 883/2004 [1] (i gcomhar le hAirteagail 18, 21 agus 45 CFAE) a léirmhíniú sa chiall is go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nach bhfaigheann oibrí imirceach liúntas leanaí Gearmánach faoi, ar oibrí é a thuilleann ioncam atá faoi réir cháin ioncaim na Gearmáine ach nach bhfuil i gcaidreamh árachais éigeantaigh leis an Bundesagentur für Arbeit (Gníomhaireacht Cónaidhme Fostaíochta) agus nach bhfuil faoi réir dliteanas cánach ioncaim neamhtheoranta sa Ghearmáin?

(1) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – Office français de protection des réfugiés et apatrides (OFPRA) v SW**

**(Cás C-294/22)**

(2022/C 276/09)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Office français de protection des réfugiés et apatrides (OFPRA)

*Cosantóir:* SW

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) Beag beann ar na forálacha den dlí náisiúnta lena n-údaraítear, faoi choinníollacha áirithe, fanacht eachtrannaigh mar gheall ar staid a shláinte agus chun é a chosaint, nuair is cuí, ó bheart aistrithe, an gcaithfear Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95/AE [1] a léiriú sa chaoi gurb é is brí leis ná go bhféadfaí teifeach Palaistíneach atá breoite agus, i ndiaidh dó leas a bhaint as cosaint nó tacaíocht UNRWA, a fhágann an Stát nó an chríoch atá i réimse oibríochta an chomhlachta sin ina raibh gnáthchónaí air ar an mbonn nach raibh rochtain leordhóthanach aige ar an gcúram agus ar an gcóir leighis a bhí de dhíth air de bharr staid a shláinte agus gur baol iarbhír é sin dá shaol agus dá shláine fhisiciúil, a mheas mar a bheith i staid ina bhfuil a shábháilteacht phearsanta i mbaol tromchúiseach agus i ndála nach bhfuil UNRWA in ann coinníollacha maireachtála a chur ar fáil dó i gcomhréir leis an misean as a bhfuil sé freagrach?

2) Más rud é go gcaithfear, cad iad na critéir – maidir le tromchúis na breoiteachta nó cineál an chúraim is gá, mar shampla – lena bhféadfaí dálaí dá leithéid a aithint?

(1) Treoir 2011/96/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L337, lch. 9).